

# Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

**Tionscadal Caipitil 966**
**Céim 4 Uasdátú Comhairliúcháin**
**Márta 2022**



EIRGRID
Delivering a cleaner energy future

# Cad is EirGrid ann – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as leictreachas sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar – anois agus sa todhchaí.

Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Baintear úsáid as an eangach chun cumhacht a sholáthar don ghréasán dáileacháin, chomh maith leis an leictreachas a úsáidtear gach lá sa bhaile, san oifig, ar scoil, san ospidéal agus ar an bhfeirm.



## Príomhthorthaí san uasdátú seo.

Cuirtear an t-uasdátú seo ar fáil daoibh, agus sibh i bhur bpáirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal agus ar mian libh coinneáil ar an eolas faoi Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí. Cuireann an cháipéis seo faisnéis ar fáil faoin tionscadal , agus toradh an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh le déanaí maidir leis na ceithre slí fhéideartha a d'fhéadfaí a úsáid. Rinneadh an comhairliúchán ón 31 Lúnasa, 2021 go dtí an 22 Samhain, 2021.

Le linn an chomhairliúcháin seo, thugamar cuireadh do pháirtithe leasmhara aiseolas a chur ar fáil maidir le gearrliosta na gceithre slí a d'fhéadfaí a úsáid mar chuid d'Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí. **Bunaithe ar ár gcuid measúnachta agus ar an aiseolas a tugadh go dtí seo, táimid tar éis Rogha A a aithint: An Rogha Dhearg mar an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn. Tabharfaidh muid an méid sin ar aghaidh ag an gcéad chéim eile den tionscadal anois**.

Leanfaimid de theagmháil a dhéanamh le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara reachtúla agus pobail, agus táimid ag súil leis an slí is feidhmiúla a dheimhniú i Meitheamh 2022.

Cuireann an cháipéis seo faisnéis ar fáil maidir leis an tionscadal go dtí seo, an fhaisnéis seo thíos ina measc:

- Céard atá i gceist le hUasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí;
- Ár gcur chuige sé chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt;
- Cad é an méid atá tar éis tarlú mar chuid den tionscal go dtí seo;
- An limistéar staidéir faoi leith;
- Cén chaoi a dtógtar cáblaí faoin talamh;
- An chéad chéim eile agus conas is féidir leat an nuacht is deireanaí a fhail.

# Céard é Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí?

Cuirfidh Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí nasc leictreachais ardchumais faoin talamh ar bun idir fhostáisiún Bhaile Uí Dhuinn i gContae Chill Dara agus fhostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí.

Cabhróidh an t-uasghrádú seo chun:

- cumhacht a aistriú ar bhonn níos éifeachtúla ó dheisceart agus iardheisceart na hÉireann, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, i dtreo oirthear na tíre; agus
- an chumhacht sin a dháileadh laistigh den ghréasán leictreachais sa Mhí, i gCill Dara agus sna contaetha eile timpeall orthu.

Tá an tionscadal seo riachtanach chun tuilleadh forbartha maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite a éascú de réir bheartas an rialtais maidir le fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bheith in úsáid chun 70% ar a laghad agus suas le 80% den soláthar leictreachais iomlán a ghiniúint faoi 2030. Áirítear leis seo leictreachas a aistriú ó fhoinsí in-athnuaite amach ón gcósta.

Beidh an tionscadal ina chabhair freisin chun an t-éileamh atá ag fás ar leictreachas san Oirthear a shásamh. Tá an t-éileamh ag fás mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i gCill Dara, sa Mhí agus i mBaile Átha Cliath.

## Buntáistí



**Iomaíocht**
Brú anuas a chur i bhfeidhm ar chostas an leictreachais



**Inbhuanaitheacht**
Aistriú na hÉireann chuig gheilleagar ísealcharbóin a éascú.



**Daingneacht an tSoláthair**
Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.



**Eacnamaíoch**
Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.



**Pobal**
Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

# Cad é ár gcur chuige 6 chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt?


Tá cur chuige sé chéim againn maidir le bhur gcuid tuairimí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhailiú agus a thuiscint le linn an phróisis seo. Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' leagtar amach ár dtiomantas do theagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo.

Inár bhfoilseachán 'Straitéis Teagmhála Poiblí' déantar ár dtiomantas maidir le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara a atreisiú maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat cóip den dá fhoilseachán sin a fháil ag
**www.eirgrid.ie**

| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 | Céim 5 | Céim 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a aithint? | Cé na teicneolaíochtaí trínar féidir freastal ar na riachtanais sin? | Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air? | Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil? | Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála. | Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo), agus comhroinnt tairbhí. |

**Fíor 1: Ár gcur chuige 6 chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Tá an tionscadal ag Céim 4 faoi láthair. Faoi mhí an Mheithimh, deimhneoimid an áit ina molfaimid na cáblaí leictreachais faoin talamh a thógáil.




**Fíor 2: Ár n-amlíne sé chéim le haghaidh Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí**



# Cad a tharla go dtí seo?

I **gCéim 1**, d'aithníomar an gá atá le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí.

I **gCéim 2**, thiomsaíomar gearrliosta de na roghanna teicniúla is feidhmiúla, a chuaigh amach le haghaidh comhairliúchán poiblí idir Samhain 2018 agus Feabhra 2019. Áiríodh leis na roghanna seo meascán de línte lasnairde, cáblaí faoin talamh agus teicneolaíochtaí méadaithe voltais (voltas a mhéadú). Tógadh ceithre cinn de na roghanna seo chun tosaigh go Céim 3 in Aibreán 2019.

I **gCéim 3**, shainaithníomar go bhféadfaí ceann de na roghanna teicneolaíochta gearrliostaithe a dhéanamh ar dhá bhealach dhifriúil. Ar an gcúis seo, bhí cúig rogha againn. D'fhiosraíomar agus chuamar i gcomhairle leatsa ar na roghanna teicneolaíochta gearrliostaithe chun an gréasán leictreachais a neartú idir Baile Uí Dhuinn agus Fearann na Coille. I mí Aibreáin 2021, shainaithníomar gurbh é rogha an chábla 400 kV faoin talamh an rogha is fearr feidhmíocht le cur chun cinn don tionscadal seo.

Mar chuid de **Chéim 4**, shainaithníomar rogha de cheithre bealaí a d'fhéadfaí a úsáid don chábla faoin talamh agus chuamar i gcomhairle libh, ár bpáirtithe leasmhara, maidir leo siúd.

## Céim 4 Comhairliúchán

Mar chuid den chéim seo, táimid tiomanta do roinnt spriocanna a bhaint amach, lena n-áirítear:

| **Gealltanas a thugamar:** | **Gnímh a rinneamar:** |
|---|---|
| Dul i dteagmháil leatsa maidir leis an rogha de cheithre bealaí a d'fhéadfaí a úsáid don thionscal seo | Thugamar faoi comhairliúcháin phoiblí thar thréimhse 12 seachtaine ón 31 Lúnasa go dtí an 22 Samhain, 2021. |
| Tuarascáil Chomhairliúcháin a fhoilsiú bunaithe ar an aiseolas a fuaireamar le linn an comhairliúcháin phoiblí 12 seachtaine ó Lúnasa go dtí Samhain 2021. | Tá an Tuarascáil Chomhairliúcháin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag **www.eirgrid.ie/KildareMeath**. |
| An rogha bhealaigh is feidhmiúla a thiocfaidh chun cinn a fhógairt i Samhradh 2022 agus dul i gcomhairle go háitiúil le páirtithe leasmhara maidir le seo. | Leagtar amach ár gcuid torthaí go dtí seo sa bhileog eolais Comhairliúcháin Uasdátaithe sin agus sa tuarascáil mionsonraithe measúnachta 4A il-critéir, d'fhonn an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn a dheimhniú. Is féidir leat an dá fhoilseachán a aimsiú ag **www.eirgrid.ie/KildareMeath** |
| De réir mar a leanann staidéir breise agus teagmhálacha ar aghaidh, beimid in ann an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn a fhógairt i Samhradh 2022. Ní bheidh iarratas ar chead pleanála ina chuid den chéim seo. Déanfar é seo i gCéim 5. | |

## Céim 4 Critéir Mheasúnaithe agus Staidéir




**Fíor 3: Na cúig chatagóir a bhainimid úsáid astu chun na roghanna a mheas, mar aon leis an aiseolas a thugann sibh**

Mar chuid de Chéim 4, beimid ag déanamh tuilleadh fiosruithe freisin a chuirfidh leo siúd a chuireamar i gcrích i gCéim 1, i gCéim 2 agus i gCéim 3. Táimid ag déanamh measúnú ar na fiosruithe seo agus á gcur i gcomparáid lena chéile faoi chúig chatagóir:

- 1 Gnéithe teicniúla;
- 2 Fachtóirí eacnamaíocha;
- 3 Fachtóirí comhshaoil:
- 4 Gnéithe socheacnamaíocha; agus
- 5 Gnéithe inseachadtachta

Rinneamar staidéar ar na freagraí a tugadh ar an gcomhairliúchán i gCéim 4, rud a thug deis dúinn tuiscint a fháil ar na hábhair imní a chuir daoine in iúl agus chun measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis nua a bhaineann leis na ceithre roghanna bheartaithe.

Rinne muid machnamh ar an bhfaisnéis seo, chomh maith lenar gcuid anailíse, nuair a shocraíomar cé acu de na ceithre roghanna beartaithe a thabhairt chun cinn.

Chuir freagróirí roinnt rudaí coitianta a bhí ag déanamh imní dóibh in iúl:

- Trácht/ rochtain;
- An tionchar ar dhaoine agus ar an bpobal;
- Suíomh an bhealaigh;
- An cábla 400 kV a chur faoin talamh;
- Tionchar timpeallachta agus fiadhúlra;
- Inseachadtacht an tionscadail; agus
- Comhsheasmhacht an tsoláthair leictreachais.

# Cá bhfuil an limistéar staidéir faoi leith?


Is é seo an ceantar molta ina bhfuiltear ag súil leis an gcábla faoin talamh a chur d'Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí. Leagtar amach an limistéar staidéir reatha leis an líne bhriste i bhFíor 4.

Cloítear le sraith treoirlínte ar a dtugtar prionsabail um shocrú bealaí agus na bealaí á sainaithint againn. Mar achoimre, is iad seo a leanas ár bprionsabail um shocrú bealaí don tionscadal seo, de réir mar is féidir iad a chur i bhfeidhm:

- Mótarbhealaí a sheachaint;
- Úsáid bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a uasmhéadú;
- Láir bailte agus eastáit tionsclaíochta a sheachaint;
- Bealaí easbhóthair, trí thalamh príobháideach agus trí thalamh a úsáidtear don talmhaíocht a sheachaint nuair is féidir;
- Suíomhanna oidhreachta nádúrtha agus saorga atá leochaileach a sheachaint;
- An tionchar ar phobail a íoslaghdú nuair is féidir; agus
- Fad foriomlán an bhealaigh a íoslaghdú.

Déanaimid machnamh ar shrianta freisin. I measc samplaí de shrianta, tá:

- Leithead agus caighdeán an bhóthair;
- Seirbhísí eile ar an mbóthar amhail uisce, gás agus draenáil;
- An tionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear limistéir faoi chosaint de chuid na hÉireann agus na hEorpa don bhithéagsúlacht, speiceas ionrach agus speiceas faoi chosaint, agus limistéir thábhachtacha eile ó thaobh na bithéagsúlachta de (lena n-áirítear gnáthóga nach bhfuil ainmnithe);
- Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil; agus
- Limistéir a bhfuil go leor áiseanna agus oibreacha ar siúl iontu




**Fíor 4: An limistéar staidéir**

# An Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn
# Tuilleadh eolais maidir leis an Rogha Dhearg


Is é an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn ná Rogha A: An Rogha Dhearg.

Leanann an bealach, atá le feiceáil mar líne dhearg ar na léarscáileanna seo, bóithre atá ann faoi láthair. Léiríonn na míreanna dronuilleogacha níos leithne ceantair tháscacha ina bhfuil muid ag iarraidh bealach easbhóthair a dheimhniú. Táimid i dteagmháil le húinéirí talún sna suíomhanna sin faoi láthair.

Ó Fhearann na Coille, rachadh Rogha A siar ó thuaidh feadh an R156 i dtreo Chrosbhóthar an Mhullaigh. Rachadh sí ó dheas feadh an R156, an R125 agus an R158 i dtreo Chill Choca. Rachadh Rogha A thar iarthar shráidbhaile Chill Choca agus tá conair easbhóthair fhéideartha léirithe ar an léarscáil den bhealach.

Caithfidh an bealach na gnéithe seo a leanas a thrasnú:

- Abhainn an Rí,
- an Chanáil Ríoga,
- an líne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Sligeach, agus
- an Mótarbhealach M4,





**Fíor 5: Fearann na Coille go dtí Cill Choca**

# Tuilleadh eolais maidir leis an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn

Taobh ó dheas de Chill Choca, moltar go rachaidh Rogha A go dtí an deisceart feadh an R407 i dtreo Chlaonta, ag dul thar Ráth Chofaigh. Taobh ó thuaidh de Chlaonadh ag Crosbhóthar Bhóthar Chóil, moltar go dtógfar Rogha A siar chun Claonadh a sheachaint.

Rachaidh Rogha A feadh an R408, an bóthar go dtí an Chorrchoill. Cóngarach do bhaile fearainn na Botha, moltar go leagfar an cábla trasna talamh a úsáidtear don talmhaíocht ar an taobh thoir theas den R408 ionas go bhféadfaidh an bealach leanúint ar aghaidh ag dul ó dheas i dtreo fhostáisiún Bhaile Uí Dhuinn.




**Fíor 6: Cill Choca go dtí Claonadh**


# Tuilleadh eolais maidir leis an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn

Rachaidh Rogha A ó dheas go dtí Seachbhóthar na Sollán, áit a léirítear conair easbhóthair fhéideartha chun talamh feirme a thrasnú.

Feadh Sheachbhóthar na Sollán, trasnóidh Rogha A na gnéithe seo a leanas:

- Abhainn na Life,
- An líne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh (agus eile),
- an Chanáil Mhór, agus
- Mótarbhealach M7 (conair easbhóthair fhéideartha)

I ndiaidh di an Mótarbhealach M7 a thrasnú, rachaidh Rogha A taobh le Nascbhóthar na Mílaoise, ag dul siar cóngarach don Nás.





**Fíor 7: Claonadh go dtí an Nás**

# Tuilleadh eolais maidir leis an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht Chun Cinn

Buailfidh Rogha A leis an R409 agus rachaidh sí soir i dtreo an Náis, ag dul thar Ionad Spóirt an Náis agus trasna na Canála Móire. Rachaidh an bealach don chábla feadh an R445 agus an R447 ansin (An Cuarbhóthar Theas).

Nascfaidh Rogha A leis an R448 (Bóthar Chill Chuillinn) agus rachaidh sí chomh fada le fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn ansin.

**Tá teagmháil bhreise á déanamh againn le húinéirí talún agus pobail faoi láthair, sula ndeimhneoimid an bealach is feidhmiúla**
**i mí an Mheithimh 2022.**





**Fíor 8: An Nás go dtí Baile Uí Dhuinn**

# Cad is cábla faoin talamh 400 kV ann?

Sular chuamar i mbun an chomhairliúcháin phoiblí Céim 4, d'fhoilsíomar an Bileog Eolais Comhairliúcháin Céim 4. Rinne an bhileog eolais cur síos ar an teicneolaíocht chábla 400kV a bheidh in úsáid againn sa tionscal seo. Is féidir an bhileog eolais sin a aimsiú ag**www.eirgrid.ie/kildaremeath**.

Mar achoimre, bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo go hidirnáisiúnta i ngréasáin leictreachais agus in Éirinn.  Bunaithe ar ár gcuid taighde, is é Cábla 400 kV faoin talamh idir Fostáisiúin Fhearann na Coille agus Bhaile Uí Dhuinn an rogha is oiriúnaí don tionscal seo. Tugann Fíor 9 achoimre tháscach ar an gcuma a bheadh ar ghnáthshocrú don chábla faoin talamh.




**Fíor 9: Gnáthshocrú duchta le haghaidh cábla HVAC faoin talamh**

Is féidir tuilleadh eolais faoi thógáil an chábla faoin talamh agus cén cuma atá air a aimsiú sa Bhileog Eolais Comhairliúcháin Céim 4 maidir le hUasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí, atá le haimsiú sa rannán 'cáipéisí ábhartha' anseo **www.eirgrid.ie/kildaremeath**.

# Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

Cuireann Fóram Pobail Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí comhairle ar fáil dúinn maidir le príomhfhorbairtí tionscadail,
 amhail:

- an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal,
- na rudaí ar gá dúinn ár machnamh a dhéanamh orthu agus an tionscadal á fhorbairt;
- conas is féidir linn tairbhe shuntasach phobail a sholáthar don cheantar ina bhfuil ár mbonneagar.

Feidhmíonn an fóram mar fhoras comhairliúcháin agus ní thagann sé in ionad aon chineál eile teagmhála ná comhairliúcháin a bhíonn á ndéanamh againn.

Tá an Fóram Pobail éascaithe ag Development Perspectives, eagraíocht oideachais forbartha agus neamhrialtasach agus carthanas cláraithe. Tionóladh an fóram seacht uair san iomlán ó a tháinig sé le chéile don chéad uair ar an 14 Iúil, 2021. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta as seo amach chun aiseolas a thabhairt, an t-eolas is déanaí maidir leis an tionscadal seo a thabhairt, agus chun cumarsáid dhá-threo a chinntiú.
Chun fanacht ar an eolas faoi ghníomhaíocht an fhóraim, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin:**www.eirgrid.ie/KildareMeath**.



# An Ciste Leasa Pobail

Aithneoimid an tábhacht a bhaineann le pobail agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn an gréasán tarchuir leictreachais a uasghrádú, agus léiríonn an Ciste Leasa Pobail an méid seo.

Agus Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí á thógáil, beimid ag obair le pobail a thacú mar chuid dár mbeartas tairbhe pobail.

Cuirfear ciste tiomnaithe a bhaineann le Forbairt Eangach Chill Dara-na Mí ar fáil chun leasanna díreacha a thairiscint do na pobail is cóngaraí don bhonneagar tarchurtha nua. Leis na cistí seo, atá i gcomhréir le scála an tionscadail, tacaítear le cúiseanna maithe, cabhraítear le pobail a gceantar a athrú ó bhonn, agus tugtar deis do gach pobal 'pobal fuinnimh in-athnuaite' a dhéanamh díobh féin nó leanúint ar aghaidh mar sin. Is é an mór-aidhm atá againn ná oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina bhfuil ár mbonneagar suite.

Seoltar an scéim leasa poiblí nuair a bhíonn cead pleanála faighte ag tionscal.

Beidh an Fóram Pobail Chill Dara-na Mí i gceannas ar straitéis tionscadail Leasa Pobail a fhorbairt. Comhaontófar seo sula scaoilfear an maoiniú leasa pobail.

Ceapfaidh EirGrid foras neamhspleách chun an ciste a roinnt agus dul i mbun oibre leis an bhFóram Pobail.

Roinnfear an ciste ina trí chéim, rudaí a bheidh ag teacht le forbairt an bhonneagair.

| Céim | Céatadán |
|---|---|
| 1 - Tógáil | 40% |
| 2 - Suiteáil cáblaí | 30% |
| 3 - Fuinnmhiú | 30% |

Cuirfidh an ciste seo tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla, eagraíochtaí seachbhrabúsacha agus fiontair sóisialta a bhíonn i mbun gnó nó a fhreastalaíonn ar phobail taobh leis an mbonneagar nua.

Áiríonn samplaí de thionscadail, an méid seo a leanas:

- Tionscadail oidhreachta, amhail tacaíocht a thabhairt do chumainn stairiúla agus seandálaíochta;
- Tionscadail pobail, amhail siúlbhealach a thógáil nó tacaíocht a chur ar fáil chun hallaí pobail áitiúla a iarfheistiú;
- Tograí oideachais, amhail trealamh TF chun foghlaim dhigiteach a fheabhsú;
- Tograí timpeallachta, amhail coirceoga a chur isteach
- Áiseanna don óige, amhail áiteanna súgartha;
- Áiseanna spóirt, amhail trealamh nó páirceanna imeartha, nó grúpaí spóirt a thacú chun ídiú fuinnimh a laghdú agus iad a fheidhmiú ar bhonn inbhuanaithe.



# Cad é an chéad chéim eile agus conas is féidir leat an nuacht is deireanaí a fhail?

**Céim 1** Sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithint na dte-icneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíon-adh i gcrích.

**Céim 3** Cad é an rogha is fearr cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4 – Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?**

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus comhroinnt tairbhí.

## Céim 4 Sracfhéachaint

### Céard atá ag tarlú?

**Tar éis dúinn comhairliúchán poiblí a dhéanamh maidir leis na ceithre roghanna bhealaigh a d'fhéadfaí a úsáid chun an eangach leictreachais idir Cill Dara agus an Mhí a uasghrádú, táimid tar éis an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn a dheimhniú agus a fhógairt - Rogha A: An Rogha Dhearg.**

Tá an bealach thart ar 51km ar fad, agus meastar go bhfuil rannán easbhóthair 5km san áireamh leis sin.

### Cá fhad a thógfaidh seo?

Táimid ag súil le Céim 4 a chur i gcrích faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022.

### Go dtí sin, leanfaimid:


- le teagmháil a dhéanamh le muintir na háite, úinéirí talún, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile ó limistéar staidéir an Bhealaigh Dheirg;
- le staidéir teicniúla agus imscrúduithe a dhéanamh ar an láthair; agus
- le teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdaráis, ionadaithe tofa, grúpaí ionadaíocha speisialta, gníomhaireachtaí comhshaoil agus pleanála.

### Is féidir leat páirt a ghlacadh ar roinnt bealaí éagsúla.

- Lorg tuilleadh eolais
- cuir do smaointe in iúl
- clárú chun ríomhphoist a fháil maidir leis an nuacht is deireanaí
- nó, tabhair aiseolas maidir leis an tionscadal seo

### Déan teagmháil linn

- www.eirgrid.ie/KildareMeath,
- KildareMeath@eirgrid.com; nó
- déan teagmháil le d'Oifigeach Teagmhála Pobail, Eoghan O'Sullivan, ar 087 247 7732



The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte